Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 10

# An Coimisiún um Achomhairc Chánach

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 10, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus ar chaiteachais an Choimisiúin um Achomhairc Chánach, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile riartha ag an Oifig sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €596,480 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 5.

***Bunú an Choimisiúin***

Síníodh An tAcht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015, lenar bunaíodh an Coimisiún um Achomharc Cánach (go foirmeálta Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc), ina dhlí i mí na Nollag 2015. Shínigh an tAire Airgeadais na horduithe tosaigh ábhartha chun éifeacht a thabhairt do na forálacha reachtacha nua i mí Feabhra 2016. Tháinig feidhm leis an gCoimisiún um Achomharc Cánach agus leis an gcóras nua chun achomhairc chánach a phróiseáil i mí an Mhárta 2016. Tá creat rialachais nua-aimseartha á chur ar bun freisin i gcomhthráth leis na hathraithe reachtacha seo.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Coimisiún.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Cheannaire Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú go tráthúil.

***Timpeallacht um rialú airgeadais***

Bíonn an Coimisiún um Achomhairc Chánach ag brath cuid mhór ar na rialaithe a fheidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim a sholáthraíonn feidhm íocaíochta agus seirbhís chuntasaíochta don Coimisiún. Tugaim faoi deara maidir leis sin na dearbhuithe a thug Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta maidir le Seirbhísí Comhroinnte do na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le seirbhísí comhroinnte Acmhainní Daonna agus Párolla a chur ar fáil agus an dearbhú a thug Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt i ndáil le seirbhísí comhroinnte Párolla a chur ar fáil ó thús na bliana go dtí an aistrithe chuig an ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla ar an 13 Meitheamh 2016.

Deimhním go bhfuil comhaontú seirbhíse i bhfeidhm idir an Coimisiún agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim a leagann amach freagrachtaí an dá pháirtí do gach nós imeachta riaracháin agus cuntasaíochta.

I 2016 ní raibh coiste iniúchta ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach agus níor sholáthar an comhaontú idir an Coimisiún agus na Coimisinéirí Ioncaim go mbeadh teacht ag an gCoimisiún ar Choiste Iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim. Dá mbeadh rochtain ar an gCoiste Iniúchta ag teastáil uaim, áfach, tuigtear dom go ndéanfaí sin a éascú dom.

***Rialaithe riaracháin agus tuairiscíocht bainistithe***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- seirbhísí a dhíríonn ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC a chinntiú, go háirithe maidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe mailíseacha
- cinntíonn an Coimisiún go bhfuil fócas iomchuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh leis na treoirlínte ábhartha go léir a chinntiú.

Níor chuimsigh an córas bainistíochta riosca a bhí ag na Coimisinéirí Ioncaim an Coimisiún um Achomhairc Chánach agus i 2016, ní raibh córas ar leith bainistíochta riosca ag an gCoimisiún, agus níor choinnigh sé clár riosca.

Mar chuid de leasú ar chlár oibre athchóirithe atá ar bun chun an próiseas achomharc a fheabhsú agus a nuachóiriú, tá leasú á dhéanamh ar rialaithe inmheánacha ag teacht le deachleachtas na seirbhíse poiblí.

***Iniúchadh Inmheánach***

Deimhním go bhfuil comhaontú i bhfeidhm ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach leis na Coimisinéirí Ioncaim a chuireann rochtain ar fáil don an Coimisiún ar fheidhm iniúchta inmheánaigh na gCoimisinéirí Ioncaim; má iarrtar tabharfar comhairle don Choimisiún seo faoi chaighdeáin na roinne maidir le hiniúchadh inmheánach, cleachtais agus nósanna imeachta ginearálta maidir le hiniúchóireacht, agus forbairtí leanúnacha.

I 2016, ní dheachaigh an Coimisiún seo i gcomhairle le feidhm iniúchta inmheánaigh na gCoimisinéirí Ioncaim ná ní dhearna sé iarracht a gcuid comhairle a lorg.

**Mark O' Mahony**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Achomhairc Chánach

25 Meán Fómhair 2017

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 10 Coimisiún um Achomhairc Chánach

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Votá 10 Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus de réir na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa Choimisiún agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt san chuntas leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntas leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasaithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm gach bliain tuarascáil a ullmhú faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Votá 10 Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Coimisiún um Achomhairc Chánach. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

***Ag tuairisciú faoi nithe a eascraíonn as an iniúchadh***

Tagraíonn Caibidil 9 de mo thuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2016 do nithe áirithe eile a bhaineann le Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2017

# Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Éascú ar Achomhairc Chánach a Éisteacht | 1,500 | 890 | 543 |
| | **Ollchaiteachas** | **1,500** | **890** | **543** |
| | *Bain de* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **60** | **46** | **32** |
| | **Glanchaiteachas** | **1,440** | **844** | **511** |

**Farasbarr le géilleadh**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le géilleadh | 596,480 | 263,662 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 820 | 661 | 473 |
| ii | Taisteal agus cothú | 50 | 4 | 22 |
| iii | Traenáil agus forbairt agus costais theagmhasacha | 35 | 19 | 16 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 25 | 8 | 7 |
| v | Trealamh Oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 500 | 181 | 18 |
| vi | Costais áitribh oifige | 70 | 17 | 7 |
| | | 1,500 | 890 | 543 |

# Nótaí i leith an Chuntais Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 661 | 473 |
| Neamhphá | | 229 | 70 |
| **Ollchaiteachas** | | **890** | **543** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **46** | **32** |
| **Glanchaiteachas** | | **844** | **511** |
| **Athraithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead ar cheannacháin | (251) | | |
| Dímheas | 57 | | |
| | | (194) | 2 |
| **Athraithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (21) | | |
| | | (21) | — |
| **Caiteachas díreach** | | **629** | **513** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 265 | 250 |
| **Costas chláir ghlan** | | **894** | **763** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta a leanas maidir le Vóta 10 a iompraíodh in áit eile.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 237 | 250 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim [1] | 28 | — |
| | **265** | **250** |

[1] Níl an t-eolas comparáideach don bhliain roimhe sin ar fail.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | **208** | **14** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | | 383 | 170 |
| Réamhíocaíochtaí | | 41 | 8 |
| Ioncaim fabhraithe | | 4 | — |
| Fionraí párolla | | — | 1 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **428** | **179** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Caiteachais fhabhraithe | | 18 | 2 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | | 271 | 178 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.3 | 112 | (7) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **401** | **173** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **27** | **6** |
| **Glansócmhainní** | | **235** | **20** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **235** | **20** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | **€000** | **€000** | **€000** |
| | | | 20 | 22 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,440 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (596) | | |
| Vóta glan | | | 844 | 511 |
| Caiteachas (airgead tirim) iompraíodh in áit eile | 1 | | 265 | 250 |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (894) | (763) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **235** | **20** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016 | 66 | 26 | 92 |
| Breiseanna | 12 | 239 | 251 |
| Aistrithe chuig Vóta 9 | — | (5) | (5) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016 | 78 | 260 | 338 |
| | | | |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2016 | 57 | 21 | 78 |
| Dímheas don bhliain | 6 | 51 | 57 |
| Dímheas ar aistrithe | — | (5) | (5) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2016 | 63 | 67 | 130 |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **15** | **193** | **208** |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **9** | **5** | **14** |

| **2.3 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 596 | 264 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (484) | (271) |
| Glandliteanas don Státchiste | 112 | (7) |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéid chuntais an Phámháistir Ghinearálta | 383 | 170 |
| Fionraí Párolla | — | 1 |
| | 383 | 171 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Vóta 9 Na Coimisinéirí Ioncaim | (271) | (178) |
| | | |
| | 112 | (7) |

| **2.4 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 40 | — |
| Líon iomlán na gCeangaltas is infheidhmithe le dlí | 40 | — |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-cheanntheidil

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Éascú ar Achomhairc Chánach a Éisteacht** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 820 | 661 | 473 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 680 | 229 | 70 |
| | | 1,500 | 890 | 543 |

**Difríochtaí Suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A € 610,000 níos ísle ná an soláthar a rinneadh dó. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná an soláthar<br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | 159 | Bhí dul chun cinn níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis i ndáil le comhaltaí foirne breise a earcú. |
| Riarachán - neamhphá | 451 | Tharla athraitheas mar go raibh caiteachas ar TFC ag luas níos moille ná mar a soláthraíodh ina thaobh agus mar gheall ar earcaíocht acmhainní comhaltaí foirne breise a bheith níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis. |

.

## 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|
| | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. Fáltais ó aisbhaintí a bhaineann le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 60 | 46 | 32 |
| | 60 | 46 | 32 |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | 7 | 6 |

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 541 | 454 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 4 | — |
| Ragobair | 65 | — |
| ÁSPC an Fhostóra | 51 | 19 |
| **Pá iomlán** | **661** | **473** |

**5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair | Uasíocaíocht Aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2016 | 2015 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 1 | — | 3,679 | — |
| Ragobair agus tinreamh breise | 1 | 1 | 65,411 | — |